



An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026
(OR. en)

10397/26

FIN 850

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 299 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2027 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 299 final.

Faoi iamh: COM(2026) 299 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2026
COM(2026) 299 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2027 i gcomhréir le
hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an
creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027**

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2027 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

1. RÉAMHRÁ

Leis an teachtaireacht seo, soláthraítear toradh an choigeartaithe theicniúil don údarás buiséadach roimh an nós imeachta buiséadach le haghaidh na bliana 2027 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027¹ (an ‘Rialachán maidir le CAI’). Go háirithe, leis an gcoigeartú teicniúil, bunaítear na huasteorainneacha caiteachais ag praghsanna reatha bunaithe ar an díbhóilsceoir seasta 2 % dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le CAI.

Ar bhonn na réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí², soláthraítear sa teachtaireacht freisin ríomh an chorríochta faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse a shocraítear le cur i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh a bheidh i bhfeidhm tráth a ghlacfar an teachtaireacht seo.

Cuirtear i láthair sa teachtaireacht freisin na méideanna atá ar fáil faoin Ionstraim Corríochta Aonair faoi Airteagal 11(1)(a) agus Airteagal 11(1)(c), coigeartú na huasteorann íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(b) agus na coigeartuithe clárshonracha dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Rialachán maidir le CAI. Tar éis ghlacadh Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024³, áirítear inti freisin ríomh an mhéid atá ar fáil d’Ionstraim EURI le haghaidh na bliana 2027 i gcomhréir le hAirteagal 10a(3), pointe (a), den Rialachán maidir le CAI, chomh maith le ríomh na méideanna a chuirfear ar fáil in 2027 don Ionstraim Sholúbthachta faoi Airteagal 12(1), an dara fómhír, ó mhéideanna den Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (an Cúlchiste Eorpach Dhlúthpháirtíochta agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála) a chuaigh in éag.

Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2026/469 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026, bunaítear le hAirteagal 10c den Rialachán maidir le CAI an ionstraim speisialta théamach ‘Ionstraim um Iasacht Tacaíochta don Úcráin’ nach bhfuil le húsáid ach amháin chun costais seirbhísithe fiachais a bhaineann le hiasacht don Úcráin a mhaoiniú, arb ionstraim í atá le cur chun feidhme i gcomhar feabhsaithe.

¹ arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024, [IO sraith L, 2024/765, 29.2.2024, lch. 1](#), agus Rialachán (AE) 2026/469 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L, 2026/469, 23.4.2026

² An Coimisiún Eorpach, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2026: [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2026](#); https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/european-economic-forecast-spring-2026_ga

³ IO L, 2024/765, 29.2.2024

I gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán maidir le CAI, agus gan dochar d'Airteagail 6 agus 7 den Rialachán sin, ní dhéantar aon choigeartú teicniúil eile i leith na bliana lena mbaineann, bíodh sin le linn na bliana nó mar cheartúcháin *ex post* sna blianta ina dhiaidh sin.

2. TÉARMAÍ MAIDIR LE COIGEARTÚ THÁBLA AN CHREATA AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (IARSCRÍBHINN - TÁBLAÍ 1-2)

I dTábla 1 san Iarscríbhinn, léirítear creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais i bpraghsanna 2018, mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le CAI, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagail 2(1), 5(2) agus 11 den Rialachán sin.

I dTábla 2 san Iarscríbhinn, léirítear creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais arna choigeartú i bpraghsanna reatha.

Déantar an creat airgeadais arna shloinneadh i gcéatadán d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais a nuashonrú leis na réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí. Ar an mbonn sin, is é EUR 20 191 686 mhilliún i bpraghsanna reatha OIN an Aontais le haghaidh 2027.

2.1. Na príomhthorthaí ón gchoigeartú teicniúil ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh 2027

Is é EUR 188 761 mhilliún i bpraghsanna reatha uasteorainn fhoriomlán CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais le haghaidh 2027, arb ionann í agus 0,93 % de OIN. Is é EUR 199 711 mhilliún i bpraghsanna reatha uasteorainn fhoriomlán CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann í agus 0,99 % de OIN.

An 1 Meitheamh 2021, tháinig Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir leis an gcóras acmhainní dílse ('CAD 2020')⁴ i bhfeidhm. Tá feidhm chúlghabhálach aige ón 1 Eanáir 2021. Socraítear uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ag 2,00 % de shuim OIN na mBallstát uile. Méadú sealadach chun na dliteanais uile a eascraíonn ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chumhdach, agus chun na críche sin amháin, is ea 0,60 pointe céatadáin den mhéid sin⁵.

Mar thoradh air sin, is é EUR 204 123 mhilliún, nó 1,01 % de OIN, an corrlach le haghaidh 2027 idir uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí⁶.

Sa tábla thíos, tugtar faisnéis le haghaidh na tréimhse 2021-2027 faoin gcorrlach (i gcéatadán de OIN) idir uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

⁴ IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

⁵ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23.

⁶ An corrlach sonrach faoin méadú sealadach ar uasteorainn na n-acmhainní dílse, ar 0,60 % de shuim OIN na mBallstát uile é, beidh sé ag brath ar an gcaiteachas a údarófar le haghaidh 2027 i ndáil le dliteanais faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus ar na hacmhainní dílse comhfhreagracha chun é a mhaoiniú.

In % d'OIN an Aontais	2021	2022	2023	2024	2025	2026 ⁷	2027	2021-2027
Uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí	1,18%	1,12%	0,99%	0,81%	0,94%	1,04%	0,99%	1,01%
An corrlach faoi bhun uasteorainn acmhainní dílse 2,00 % OIN i gcur i bhfeidhm Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle	0,82%	0,88%	1,01%	1,19%	1,06%	0,96%	1,01%	0,99% ⁸

2.2. Coigeartú ar an bhfo-uasteorainn le haghaidh Cheannteideal 3

Na haistrithe uile idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe arna gcinneadh ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseach CBT, bhí na haistrithe sin san áireamh i gcoigeartú teicniúil 2024⁹. I gcomhréir le hAirteagal 17(5) agus Airteagal 103(5) de Rialachán (AE) 2021/2115¹⁰, rinne roinnt Ballstát athbhreithniú ar na cinntí aistrithe in 2025. Leagadh amach an toradh i Rialachán Tarmligthe 2026/1 ón gCoimisiún an 01/12/2025¹¹. Is é an toradh atá ar an athbhreithniú méadú beag ar an bhfo-uasteorainn le haghaidh 2027.

Déantar na méideanna i bpragsanna reatha i bhfo-uasteorainn Cheannteideal 3 a chomhshó go praghsanna 2018 chun coigeartú a dhéanamh ar thábla an chreata airgeadais ilbhliantúil, a shloinntear i bpragsanna 2018. Chun na críche sin, déantar iarmhéid glan na n-aistrithe a chomhshó go praghsanna 2018 ar dtús trí úsáid a bhaint as an díbhóilsceoir bliantúil seasta 2 %. Déantar an toradh sin a shlánú suas ansin chun an fho-uasteorainn choigeartaithe a shloinneadh ina milliúin euro. Tá gá leis an slánú suas chun a áirithiú go mbeidh fo-uasteorainn CAI i gcónaí níos airde ná an glan-iarmhéid atá ar fáil le haghaidh caiteachais sa bhuiséad bliantúil le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Ní corrlach atá ar fáil atá sa difríocht bheag a

⁷ I gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán maidir le CAI, ní dhéantar uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ná na corrlaigh le haghaidh na mblianta 2021, 2022, 2023 agus 2024 a choigeartú a thuilleadh i ndiaidh an choigeartaithe theicniúil le haghaidh 2021 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 18.12.2020 (COM(2020)848 final)), 2022 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 7.6.2021 (COM(2021)365 final)), 2023 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 7.6.2022 (COM(2022)266 final)), 2024 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 29.2.2024 (COM(2024)110 final)), 2025 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 18.6.2024 (COM(2024)120 final)) agus 2026 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 4.6.2025 (COM(2025)800 final)).

⁸ Déantar an céatadán sin a ríomh trí bhithin meán uasteorainneacha bliantúla CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh gach bliain den tréimhse 2021-2027 (is é sin 1,01 % de shuim OIN na mBallstát uile) a dhealú ó uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ar 2,00 % de shuim OIN na mBallstát uile é, is infheidhme le linn na tréimhse iomláine 2021-2027.

⁹ COM(2024)110 final an 29.2.2024

¹⁰ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013.

¹¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leithdháiltí na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus an miondealú bliantúil in aghaidh an Bhallstáit ar an tacaíocht ón Aontas don fhorbairt tuaithe

thagann as sin ach rud a eascraíonn as an oibríocht slánaithe, agus as sin amháin. Le haghaidh gach buiséid bhliantúil, úsáidfidh an Coimisiún na méideanna cruinne den iarmhéid glan atá ar fáil do chaiteachas CERT.

Léirítear sa tábla thíos toradh glan (i milliúin euro) na n-aistrithe idir an dá cholún de CBT agus a dtionchar ar fho-uasteorainn Cheanteideal 3.

Fo-uasteorainn do CERT (caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha) tar éis aistrithe, i bpragsanna reatha agus i bpragsanna 2018 (EUR milliún)								
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2021-2027
	- i bpragsanna reatha -							
Fo-uasteorainn tosaigh H3	40 925,000	41 257,000	41 518,000	41 649,000	41 782,000	41 913,000	42 047,000	291 091,000
Glanaithe go dtí seo	-557,046	-618,811	-825,789	-1 046,922	-1 117,072	-1 222,773	-1 396,205	-6 784,618
Athrú fo-uasteorainn H3 tar éis athbhreithniú meántearma CAI					-136,000	-149,000	-155,000	-440,000
Fo-uasteorainn H3 a socraíodh sa choigeartú teicniúil deireanach (2026)	40 368,000	40 639,000	40 693,000	40 603,000	40 529,000	40 542,000	40 496,000	283 870,000
Glanaitrí sa choigeartú teicniúil reatha (2027)							94,698	94,698
Glandifríocht iomlán i gcomparáid leis an bhfo-uasteorainn tosaigh	-557,046	-618,811	-825,789	-1 046,922	-1 253,072	-1 371,773	1 456,507	-7 129,920
Glan-iarmhéid CERT tar éis gach aistrithe agus athbhreithniú meántearma CAI	40 367,954	40 638,189	40 692,211	40 602,078	40 528,928	40 541,227	40 590,493	283 961,080
Fo-uasteorainn H3 tar éis aistrithe	40 368,000	40 639,000	40 693,000	40 603,000	40 529,000	40 542,000	40 591,000	283 965,000
<i>Difríocht an tslánaithe</i>	<i>0,046</i>	<i>0,811</i>	<i>0,789</i>	<i>0,922</i>	<i>0,072</i>	<i>0,773</i>	<i>0,507</i>	<i>3,920</i>
<i>Difríocht don fho-uasteorainn bhunaidh tar éis gach aistrithe</i>	<i>-557,000</i>	<i>-618,000</i>	<i>-825,000</i>	<i>-1 046,000</i>	<i>-1 253,000</i>	<i>-1 371,000</i>	<i>-1 456,000</i>	<i>-7 126,000</i>
	- i bpragsanna 2018 -							
Fo-uasteorainn tosaigh H3	38 564,000	38 115,000	37 604,000	36 983,000	36 373,000	35 772,000	35 183,000	258 594,000
Glanaithe go dtí seo	-524,375	-571,595	-747,811	-929,637	-972,478	-1 043,625	-1 168,282	-5 957,803
Athrú fo-uasteorainn H3 tar éis athbhreithniú meántearma CAI					-118,396	-127,170	-129,697	-375,263
Fo-uasteorainn H3 a socraíodh sa choigeartú teicniúil deireanach (2025)	38 040,000	37 544,000	36 857,000	36 054,000	32 283,000	34 602,000	33 886,000	252 266,000
Glanaitrí sa choigeartú teicniúil reatha (2026)					-	-	79,239	79,239
Glandifríocht iomlán i gcomparáid leis an bhfo-uasteorainn tosaigh	-524,375	-571,595	-747,811	-929,637	-1 090,875	-1 170,795	-1 218,740	-6 253,827
Glan-iarmhéid CERT tar éis gach aistrithe agus athbhreithniú meántearma CAI	38 039,625	37 543,405	36 856,189	36 053,363	35 282,125	34 601,205	33 885,021	252 340,143
Fo-uasteorainn H3 tar éis aistrithe	38 040,000	37 544,000	36 857,000	36 054,000	35 283,000	34 602,000	33 886,000	252 345,000
<i>Difríocht an tslánaithe</i>	<i>0,375</i>	<i>0,595</i>	<i>0,811</i>	<i>0,637</i>	<i>0,875</i>	<i>0,795</i>	<i>0,740</i>	<i>4,827</i>
<i>Difríocht don fho-uasteorainn bhunaidh tar éis gach aistrithe</i>	<i>-524,000</i>	<i>-571,000</i>	<i>-747,000</i>	<i>-929,000</i>	<i>-1 090,000</i>	<i>-1 170,000</i>	<i>-1 218,000</i>	<i>-6 249,000</i>

2.3. Coigeartuithe clárshonracha i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán maidir le CAI

I gcomhréir le hAirteagal 5(2) agus Airteagal 4(1)(e) den Rialachán maidir le CAI, cuimsítear sa teachtaireacht seo, le haghaidh na bliana 2027, ríomh na leithdháiltí breise le haghaidh clár shonracha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CAI agus na coigeartuithe suas ar na huasteorainneacha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bheidh mar thoradh orthu.

Ós rud é gurb é 2027 an bhliain dheireanach den chreat airgeadais ilbhliantúil, tá an coigeartú bunaithe ar an méid iarmharach chun EUR 10 155 mhiliún san iomlán a

bhaint amach le haghaidh gach coigeartaithe chlárshonraigh le linn na tréimhse 2022-2027. Dá bhrí sin, is é EUR 2 155 mhiliún i bpragsanna 2018 an coigeartú le haghaidh 2027.

EUR 2 597 milliún is ea an coigeartú i bpragsanna reatha tar éis an díbhóilsceoir bliantúil 2 % a chur i bhfeidhm agus tar éis slánú suas a dhéanamh go dtí milliún euro i gcomhréir leis an gcaoi a sloinntear uasteorainneacha CAI. Comhfhreagraíonn an méid sin don choigeartú suas ar an uasteorainn fhoriomlán le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ar an uasteorainn le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh na bliana 2027.

Tá miondealú an choigeartaithe de réir cheannteideal agus chlár CAI bunaithe ar an gcolún ‘Eochair leithdháilte’ d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CAI, arna mhodhnú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2024/765 le haghaidh na mblianta 2025 go 2027. Déantar coigeartuithe na n-uasteorainneacha aonair i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a shlánú suas go dtí an milliún euro is gaire¹².

UASTEORAINN GHEALLTANAS:	Pragsanna reatha	pragsanna 2018
1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	1 089 000 000	902 000 000
Fis Eorpach	816 851 758	676 587 521
Ciste InvestEU	272 148 242	225 412 479
2b. Athléimneacht agus Luachanna	1 234 000 000	1 027 000 000
EU4Health	393 587 949	329 505 417
Erasmus+	461 050 263	381 935 570
Eoraip na Cruthaitheachta	162 706 520	135 503 850
Cearta agus Luachanna	216 655 268	180 055 163
4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	274 000 000	226 000 000
An Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha	274 000 000	226 000 000
Uasteorainn ghealltanais iomlán:	2 597 000 000	2 155 000 000
UASTEORAINN ÍOCAÍOCHTA:	2 597 000 000	2 155 000 000

2.4. Coigeartú na huasteorann íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(d) agus Airteagal 11(1)(b) – An Ionstraim Corrlaigh Aonair.

I gcomhréir le hAirteagal 4(1)(d) den Rialachán maidir le CAI, sa choigeartú teicniúil áireofar méid choigeartú na huasteorann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 11(1).

Ba é EUR 175 378 milliún an uasteorainn íocaíochta le haghaidh 2025 i bpragsanna reatha. EUR 156 817 milliún atá sna híocaíochtaí a rinneadh in 2025. Ní mór an tabhairt anonn ó 2025 go 2026 (EUR 6 439 milliún) a chur leis an méid sin, toisc go meastar é a bheith forghníomhaithe.

¹² Chun neamhréireachtaí slánaithe a sheachaint, is é an méid le haghaidh an cheannteidil ag a bhfuil an sciar is airde an difríocht idir an coigeartú iomlán agus suim na méideanna le haghaidh na gceannteideal eile uile.

Eisiatar na híocaíochtaí agus an tabhairt anonn a bhaineann leis na hionstraimí speisialta (EUR 6 527 milliún) ón bhforghníomhú toisc go láimhseáiltear iad amhail is go bhfuil siad de bhreis ar uasteorainneacha CAI, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Rialachán maidir le CAI. Dá bhrí sin, is é EUR 156 729 milliún an forghníomhú a chuirfear san áireamh agus an ionstraim corrlaigh aonair á ríomh.

Is é EUR 18 786 mhilliún, i bpraghsanna reatha, an corrlach atá fágtha faoin uasteorainn íocaíochta le haghaidh 2025.

Léirítear sa tábla thíos na mionsonraí faoi ríomh chuid 11(1)(b) den Ionstraim Corrlaigh Aonair.

Ionstraim Corrlaigh Aonair, cuid 11(1)(b) (íocaíochtaí)		
<i>EUR milliún</i>		2025
(1)	Uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (praghsanna 2018) roimh ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(b)	152 677,0
(2)	Uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (praghsanna reatha) roimh ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(b)	175 378,0
(3)	Slógadh ionstraim corrlaigh aonair Airteagal 11(1)(c) in íocaíochtaí (+/-)	0,0
(4) = (2) + (3)	UASTEORAINN IOMLÁN LE CUR I gCOMPARÁID LE CUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID A VÓTÁLADH	175 378,0
(5)	Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh	156 817,2
(6)	<i>Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh do CED</i>	12,0
(7)	<i>Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála - CDAE</i>	169,9
(8)	<i>Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála - cúlchiste um chabhair éigeandála</i>	583,5
(9)	<i>Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit</i>	546,6
(10)	<i>Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don ionstraim sholúbthachta</i>	1 395,1
(11)	<i>Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don tSaoráid don Úcráin</i>	2 804,5
(12) = (6) + (7) + (8) + (9) + (10) + (11)	Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh d'ionstraimí speisialta	5 511,7
(13)	Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+1	6 438,9
(14)	<i>Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+1 do CED</i>	0,1
(15)	<i>Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+ 1 don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála</i>	997,2
(16)	<i>Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+ 1 don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit</i>	17,8
(17) = (14) + (15) + (16)	Tabhairt anonn ionstraimí speisialta	1 015,1
(18)	Tabhairt anonn atá dultha in éag ó bhliain n-1 go bliain n	137,0
(19)	<i>Tabhairt anonn atá dultha in éag ó bhliain n-1 go bliain n do CED</i>	0,0
(20)	<i>Tabhairt anonn atá dultha in éag ó bhliain n-1 go bliain n don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála</i>	0,0
(21)	<i>Tabhairt anonn atá dultha in éag ó bhliain n-1 go bliain n don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit</i>	0,0
(22) = (19) + (20) + (21)	Tabhairt anonn atá dultha in éag d'ionstraimí speisialta	0,0
(23) = (5) + (13) - (18)	IOMLÁN NA NÍOCAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMITHE n + TABHAIRT ANONN n GO n+1 - TABHAIRT ANONN ATÁ DULTA IN ÉAG n-1	163 119,1

$(24) = (12) + (17) - (22)$	<i>Ionstraimí speisialta: forghníomhú iomlán + tabhairt anonn – tabhairt anonn atá dulta in éag</i>	6 526,8
$(25) = (4) - (23) + (24)$	An corrlach atá fágtha	18 785,7
$(26) = (25)$ slánaithe go milliúin	Ionstraim Corrlaigh Aonair, cuid 11(1)(b) (praghsanna reatha)	18 786,0
$(27) = (26)$ coigeartaithe go praghsanna 2018 trí úsáid a bhaint as an díbhóilsceoir 2 %, agus slánaithe go milliúin	Ionstraim Corrlaigh Aonair, cuid 11(1)(b) (praghsanna 2018)	16 354,0

Is é EUR 16 354 mhilliún méid chuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair i bpraghsanna 2018. Aistrítear méid chuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair go páirteach chuig uasteorainneacha íocaíochta na bliana 2027 (EUR 1 563 mhilliún). Agus forálacha Airteagal 11(3) á gcur san áireamh, laghdófar an uasteorainn íocaíochta in 2025 faoin méid sin. Ní dhéantar aon athrú ar uasteorainn íocaíochta 2026. Mar thoradh air sin, níl aon athrú ar an uasteorainn íocaíochta fhoriomlán don tréimhse 2021-2027 i bpraghsanna 2018.

I gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Rialachán maidir le CAI, úsáidfean an díbhóilsceoir 2 % chun cuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair agus an coigeartú comhfhreagrach ar an uasteorainn íocaíochta a ríomh. Dá bhrí sin, nuair a dhéantar iad a chomhshó i bpraghsanna reatha, laghdaítear uasteorainn 2025 faoi EUR 1 795 mhilliún agus méadaítear uasteorainn 2027 faoi EUR 1 868 milliún. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 11(1)(b), is é EUR 1 206 551 mhilliún an uasteorainn íocaíochta fhoriomlán i bpraghsanna reatha le haghaidh na tréimhse 2021-2027.

Léirítear sa tábla thíos mionsonraí maidir le coigeartú na huasteorann íocaíochta de thoradh chur chun feidhme fhorálacha Airteagal 11(1)(b).

Coigeartú na n-uasteorainneacha a bhaineann le cuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair (EUR milliún)	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2021-2027
Uasteorainn íocaíochta tosaigh (Iarscríbhinn I Rialachán 2020/2093)								
praghsanna 2018	156 557	154 822	149 936	149 936	149 936	149 936	149 936	1 061 058
praghsanna reatha	166 140	167 585	165 542	168 853	172 230	175 674	179 187	1 195 211
Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach í (Coigeartú Airteagal 7 COM(2022)80 an 28 Eanáir 2022),								
praghsanna 2018	156 557	156 322	149 936	149 936	149 936	149 936	149 936	1 062 558
praghsanna reatha	166 140	169 209	165 542	168 853	172 230	175 674	179 187	1 196 835
<i>Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid 11(1)(b) ó 2021</i>								
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna 2018)</i>	-2 492	1 246	1 246					0
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna reatha)</i>	-2 644	1 349	1 376					81
Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2023)								

praghsanna 2018	154 065	157 568	151 182	149 936	149 936	149 936	149 936	1 062 558
praghsanna reatha	163 496	170 558	166 918	168 853	172 230	175 674	179 187	1 196 916
Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach í (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2023 COM(2022)266 an 7 Meitheamh 2022),								
praghsanna 2018	154 065	157 568	152 682	149 936	149 936	149 936	149 936	1 064 058
praghsanna reatha	163 496	170 558	168 575	168 853	172 230	175 674	179 187	1 198 573
<i>Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid 11(1)(b) ó 2022</i>								
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna 2018)</i>		-3 718		1 239,3	1 239,3	1 239,3		0,0
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna reatha)</i>		-4 024		1 424,0	1 452,0	1 481,0		333,0
Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2024)								
praghsanna 2018	154 065	153 850	152 682	149 936	151 175	151 175	151 175	1 064 058
praghsanna reatha	163 496	166 534	168 575	168 853	173 654	177 126	180 668	1 198 906
Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach í (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2024 COM(2024)110 an 29 Feabhra 2024),								
praghsanna 2018	154 065	153 850	152 682	151 436	151 175	151 175	151 175	1 065 558
praghsanna reatha	163 496	166 534	168 575	170 543	173 654	177 126	180 668	1 200 596
<i>Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid 11(1)(b) ó 2023</i>								
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna 2018)</i>			-5 907,0			2 953,5	2 953,5	0,0
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna reatha)</i>			-6 522,0			3 460,0	3 530,0	468,0
Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2025)								
praghsanna 2018	154 065	153 850	146 775	151 436	151 175	154 128	154 128	1 065 558
praghsanna reatha	163 496	166 534	162 053	170 543	173 654	180 586	184 198	1 201 064
Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach í (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2025 COM(2024)120 an 18 Meitheamh 2024),								
praghsanna 2018	154 065	153 850	146 775	151 436	152 675	154 128	154 128	1 067 058
praghsanna reatha	163 496	166 534	162 053	170 543	175 378	180 586	184 198	1 202 788
<i>Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid 11(1)(b) ó 2024</i>								
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna 2018)</i>			-24 812,0			15 567,8	9 244,2	0,0
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna reatha)</i>			-27 942,0			18 240,2	11 047,6	1 345,8
Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2026)								
praghsanna 2018	154 065	153 850	146 775	126 624	152 675	171 696	163 373	1 067 058
praghsanna reatha	163 496	166 534	162 053	142 601	175 378	198 826	195 246	1 204 134
Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach í (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2026 COM(2025)800 an 4 Meitheamh 2025),								
praghsanna 2018	154 065	153 850	146 775	126 624	152 675	171 696	163 373	1 069 058

pragsanna reatha	163 496	166 534	162 053	142 601	175 378	201 170	195 246	1 206 478
<i>Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid 11(1)(b) ó 2025</i>								
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (pragsanna 2018)</i>					-1 563,0		1 563,0	0
<i>coigeartú na huasteorann íocaíochta (pragsanna reatha)</i>					-1 795,0		1 868,0	73
Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil le haghaidh 2027)								
pragsanna 2018	154 065	153 850	146 775	126 624	151 112	171 696	164 936	1 069 058
pragsanna reatha	163 496	166 534	162 053	142 601	173 583	201 170	197 114	1 206 551

Léirítear sa tábla thíos mionsonraí chur i bhfeidhm na n-uasmhéideanna le haghaidh an choigeartaithe bhliantúil in 2025-2027 i gcomhréir le hAirteagal 11(3). Na haistrithe a rinneadh go 2026 agus 2027, tá siad i gcomhréir leis na huasmhéideanna a leagtar síos san Airteagal sin. Socraítear an méid le haghaidh 2026 i gcomhréir le hAirteagal 11(3a).

Caidhp choigeartaithe (Airteagal 11(3) agus (3a)) (EUR milliún)	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid (1)(b) - Caidhp choigeartaithe (pragsanna 2018)					8 000	13 000	15 000
Coigeartuithe ar an uasteorainn íocaíochta 11(1)(b) roimh an gcoigeartú teicniúil le haghaidh 2027 (pragsanna 2018)					1 239	19 761	13 437
Méid atá fágtha faoin gcaidhp roimh an gcoigeartú teicniúil le haghaidh 2027 (pragsanna 2018)						0	1 563
Coigeartuithe ar an uasteorainn íocaíochta 11(1)(b) go dtí seo (pragsanna 2018)						0	1 563
Méid atá fágtha faoin gcaidhp (pragsanna 2018)							0
Méid atá fágtha faoin gcaidhp (pragsanna reatha)							0

3. IONSTRAIMÍ SPEISIALTA

Tá ionstraimí speisialta ar fáil lasmuigh d'uasteorainneacha caiteachais chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Is é is aidhm do na hionstraimí sin mearfhreagairt a áirithiú ar imeachtaí eisceachtúla nó imeachtaí gan choinne, agus solúbthacht a sholáthar thar na huasteorainneacha caiteachais a comhaontaíodh laistigh de theorainneacha áirithe a leagtar síos sa Rialachán maidir le CAI.

3.1. Ionstraimí Speisialta Téamacha

3.1.1. An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

